



BABHTA COIMISÚNAITHE OLLSOLÁTHAIR GINEARÁLTA

Sprioc-am d'iarratais ollsoláthair – Dé Luain an 12 Aibreáin @ 5.00pm.

Ag súil le cinneadh ó TG4 – Dé hAoine an 14 Bealtaine, 2021.

Táthar ag súil go dtosóidh na conarthaí ollsoláthair i mí Iúil 2021 ach is féidir go dtosóidh siad níos luaithe nó níos déanaí in 2021. Ní gá gur dátaí beachta do gach bliain ó thaobh thús agus dheireadh na gconarthaí atá luaite san iarratas ach tá plean léiriúcháin agus dátaí léiriúcháin ag teastáil do Bhliain 1. Go ginearálta mairfidh na conarthaí ollsoláthair 4 bliana. Beifear ag súil go dtosófar ar sheachadadh na gclár i mí na Samhna 2021 ar aghaidh ach is féidir cláracha a sheachadadh roimhe sin.

Beidh praghas socraithe in aghaidh na bliana ag gach gné den ollsoláthar ar feadh 4 bliana. Ba cheart don chomhlacht léiriúcháin an líon uaireanta an chloig maidir le gach gné de chláracha a bheidh siad ag soláthar a chur in iúl agus b'fhéidir go mbeadh idirbheartaíocht idir TG4 agus an comhlacht faoi sin. Is féidir le comhlachtaí 'beartán' de ghnéithe ollsoláthair a chur le chéile suas go dtí leibhéal a oireann dóibh féin.

Seo a leanas na critéir le haghaidh cinneadh eagarthóireachta don bhabhta coimisiúnaithe ollsoláthair seo:

- Caighdeán, cruthaitheacht agus nuálaíocht na n-iarratas
- Cóiriú & cur chuige físiúil ón Stiúirthóir do bhliain a haon
- Daoine cumasacha ar scáileáin
- Oiriúint eagarthóireachta do riachtanais agus do shliotáin sceidil TG4
- Buiséad agus plean airgeadais ar theimpléad buiséid TG4.
- Costas in aghaidh na huaire
- Plean ar chaiteachas/fostaíocht/forbairt sna réigiúin
- Taithí ar léiriúchán teilifíse
- Cur síos ar struchtúir agus ar fhoireann an comhlachta.
- Polasaí ag an gcomhlacht úsáid na Gaeilge a fhorbairt
- Cultúr sa gcomhlacht i bhfabhar cómhaoinithe agus comhléirithe

Meastar go mbeidh suas le 12 conradh ollsoláthair le haontú as an mbabhta seo agus nach gcaithfidh TG4 níos mó ná €5.4M in aghaidh na bliana ar an mbabhta coimisiúnaithe ollsoláthair seo. Ní gá go ndéanfaí coimisiúnú ar gach gné de na cláracha sa liosta a leanas ach d'fhéadfaí gné amháin a choimisiúnú ó níos mó ná comhlacht amháin.

Beidh feidhmeannaigh de chuid TG4 ar fáil le haghaidh cruinnithe le daoine a léiríonn suim sa mbabhta seo. Le heolas a fháil faoin mbealach le cruinniú a shocrú, nó má tá aon cheisteanna agat maidir le haon chuid den bhabhta seo, cuir r-phost chuig Máire Uí Choisdealbha, maire.ui.choisdealbha@tg4.ie

MOLTAÍ MAIDIR LE GNÉITHE SA MBABHTA OLLSOLÁTHAIR.

Ba cheart do na hiarratais a shonrú cé acu de na gnéithe den ollsoláthar a bhfuil siad ag tagairt dóibh sa mbabhta seo. Is féidir le comhlachtaí ‘beartán’ de ghnéithe ollsoláthair a chur le chéile suas go dtí leibhéal a oireann dóibh féin. Is féidir le comhlachtaí uasmhéid de thrí ‘bheartán’ éagsúla a chur isteach mar iarratas.

FÍS EAGARTHÓIREACHT: De réir mar atá tírdhreach na craoltóireachta ag éirí níos scoilte, tá aitheantas bainte amach ag TG4 go bhfuil sé i bhfabhar na nuálaíochta, na físiúlachta, na cruthaíochta agus thar rud ar bith eile láidreacht na scéalaíochta atá ina bunús le gach réimse cláir.

Tríd na coimisiúin leanúnacha seo, tá súil ag TG4 oibriú i gcomhpháirt leis na léiritheoirí agus cruthaitheoirí teilifíse is fearr dá bhfuil ann chun go mbeidh muintir na hÉireann ag cruthú scéalta atá gaelach, eisíoch agus físiúil do mhuintir na hÉireann.

Beidh sraitheanna agus brandaí á gcruthú de réir sprioc gach am sceidil agus an réimse lucht féachana ar a bhfuil siad dírithe le breis ábhar agus / nó ábhar curtha in oiriúint do lucht féachana breise agus go minic níos óige ar na meáin dhigiteacha.

Cuirfear le forbairt tallann léirithe ar gach leibhéal. Beifear ag súil go mbeidh na daoine a d'oibrigh ina gcúntóirí sa chéad tréimhse léirithe ceithre bliana mar chuid den príomhfhoireann léirithe an babhta seo.

Beifear ag súil le daoine cumasach nua a fheiceáil ar an scáileán a chuirfidh le paisean, fiosracht agus aoibhneas ár lucht féachana.

Beidh tús áite ag an scéal i gcónaí, an scéal a sheasfaidh amach agus a bheidh ceanródaíoch i measc milliúin scéal eile.

Mar chuid den iarratas do gach gné den ollsoláthar is gá na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh:

- Achoimre chruthaitheach ar na huaireanta go léir de chláracha sa gcéad bhliain
- Moltaí samplacha a léiriú ar na cláracha don chonradh ceithre bliana go léir
- Tuiscint soiléir ar an ngrúpa déimeagrafach nó ar an sainghrúpa den lucht féachana a bhfuil na cláracha ag díriú orthu
- Plean ar chaiteachas/fostaíocht/forbairt sna réigiúin
- Buiséad agus plean airgeadais ar theimpléad buiséid TG4
- Má tá an t-iarratas feiliúnach do Alt481 is fiú é sin a bheith san áireamh sa bhuiséad agus plean airgeadais.
- Moltaí samplacha a léiriú do cheangail ilmheáin eile (idirlíon/meáin shóisialta/raidíó)
- Ainmneacha na ndaoine cumasacha a bheidh ar chúl agus os comhair an cheamara sa chéad bhliain
- Plean margaíochta trasardáin
- Uaireanta an chloig de chláracha sa bhliain a mholann an comhlacht léirithe

Molaimid duit dul i dteagmháil le heagarthóirí coimisiúnaithe TG4 chun tuilleadh treorach nó do chuid moltaí a phlé. Cuirfear deis ar fáil na hiarratais seo a phlé agus a fhorbairt trí agallamh le hiarratasóirí ar an ngearrliosta nuair a dhúnfaidh an babhta coimisiúnaithe.

GNÉITHE DEN OLLSOLÁTHAR

(tuilleadh eolais de réir seánraí le fáil ar an tairiscint atá foilsithe ‘Babhta Coimisiúnaithe, Earrach 2021.)

1a. Fíorasach.

An chéad am craolta: Lá seachtaine, 8pm nó 8.30pm.

Formáid: Sraith de chláracha faisnéise 25 nó 50 nóiméad ar fhad ag plé, den chuid is mó, le scéalta comhaimseartha.

Lucht Féachana: Croí Lucht Féachana, go háirithe mná.

Fad an chonartha ollsoláthair: Meitheamh/Iúil 2021 go ceann ceithre bliana

Buiséad don ghné in aghaidh na bliana: €450k

Uaireanta le soláthar: Moladh le teacht ón gcomhlacht léirithe.

1b. Fíorasach.

An chéad am craolta: Lá seachtaine, 8pm nó 8.30pm.

Formáid: Sraith de chláracha faisnéise 25 nó 50' nóiméad ar fhad ag plé, den chuid is mó, le scéalta comhaimseartha.

Lucht Féachana: Croí Lucht Féachana, go háirithe mná.

Fad an chonartha ollsoláthair: Meitheamh/Iúil 2021 go ceann ceithre bliana
Buiséad don ghné in aghaidh na bliana: €450k
Uaireanta le soláthar: Moladh le teacht ón gcomhlacht léirithe.

2. Fíorasach.

An chéad am craolta: Lá seachtaine, 9.30pm.
Formáid: Sraith de chláracha faisnéise láidre, tarraingteacha 50 nóiméad ar fhad.
Lucht Féachana: Náisiúnta, go háirithe mná.
Fad an chonartha ollsoláthair: Meitheamh/Iúil 2021 go ceann ceithre bliana
Buiséad don ghné in aghaidh na bliana: €450k
Uaireanta le soláthar: Moladh le teacht ón gcomhlacht léirithe.

3. Fíorasach siamsúil.

An chéad am craolta: Lá seachtaine, 9.30pm.
Formáid: Sraith de chláracha siamsaíochta fhíorasaí láidre, tarraingteacha 50 nóiméad
Lucht Féachana: Náisiúnta, go háirithe mná.
Fad an chonartha ollsoláthair: Meitheamh/Iúil 2021 go ceann ceithre bliana
Buiséad don ghné in aghaidh na bliana: €450k
Uaireanta le soláthar: Moladh le teacht ón gcomhlacht léirithe.

4. Siamsaíocht cheoil thraidisiúnta.

An chéad am craolta: Deireadh na seachtaine, 9.30pm.
Formáid: Sraith de chláracha 50 nóiméad ar fhad.
Lucht Féachana: Náisiúnta
Fad an chonartha ollsoláthair: Meitheamh/Iúil 2021 go ceann ceithre bliana
Buiséad don ghné in aghaidh na bliana: €450k
Uaireanta le soláthar: Moladh le teacht ón gcomhlacht léirithe.

5. Siamsaíocht cheoil.

An chéad am craolta: Lá seachtaine, 9.30pm.
Formáid: Sraith de chláracha 50 nóiméad ar fhad.
Lucht Féachana: Náisiúnta
Fad an chonartha ollsoláthair: Meitheamh/Iúil 2021 go ceann ceithre bliana
Buiséad don ghné in aghaidh na bliana: €450k
Uaireanta le soláthar: Moladh le teacht ón gcomhlacht léirithe.

6. Saolchlár/Faisnéis siamsúil do dhaoine fásta 25+

An chéad am craolta: Lá seachtaine.
Formáid: Sraith do chláracha 25 nó 50 nóiméad ar fhad trasardán/líneach.
Lucht Féachana: Náisiúnta

Fad an ollsoláthar: Meitheamh/Iúil 2021 go ceann ceithre bliana.

Buiséad don ghné in aghaidh na bliana: €450k

Uaireanta le soláthar: Moladh le teacht ón gcomhlacht léirithe.

7. Siamsaíocht do pháistí (réamhscoile nó bunscoile nó meascán)

An chéad am craolta: Lá seachtaine.

Formáid: Sraith de chláracha, faid éagsúla.

Lucht Féachana: Páistí réamhscoile nó bunscoile, Croí lucht féachana

Fad an chonartha ollsoláthair: Meitheamh/Iúil 2021 go ceann ceithre bliana

Buiséad don ghné in aghaidh na bliana: €450k

Uaireanta le soláthar: Moladh le teacht ón gcomhlacht léirithe.

Fáilteimid roimh iarratais ar ábhar beo-ghnímh (live action) ina mbeidh páistí nó tallann óg láithreoirí a mheallfaidh an lucht féachana ar an scáileán.

Ábhar tarraingteach agus siamsúil, a spreagfaidh fiosracht agus foghlaim ach a bhfuil féith an ghrinn ag baint leo.

I gcás sraitheanna atá á bhforbairt, is fiú míreanna nó gnéithe a d'fhéadfaí a úsáid trasna ardáin éagsúla a bheith san áireamh.

5.00pm Dé Luain an 12 Aibreán an sprioc-am d'iarratais ollsoláthair.

Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin <https://ecomm.tg4.ie>, agus an t-iarratas a uaslódáil roimh an sprioc-am tríd an rogha, 'Ollsolathár 2021', ón roghchlár anuas. Tiocfaidh admháil chugat go leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus caithfidh na comhlachtaí iad féin déanamh cinnte gur seachadadh na hiarratais.

Má tá aon cheist maidir leis an bpróiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig Anna Marie Nic Dhonnacha - annamarie.nic.dhonnacha@tg4.ie

Táthar ag súil le cinneadh ó TG4 Aoine 14 Bealtaine, 2021.

Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.

Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle praghas, ná le haon iarratas.

Beidh aon chonradh ag brath ar Theastas Glanta Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Acht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar an eolas íogair (más ann) agus a rá cén chúis gur eolas íogair é. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 eolas a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur eolas íogair é agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4 aige.

Ní ann d'aon chineál ceangail – conartha nó aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.